# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceimic

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

2021. M33T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021

# CEIMIC – GNÁTHLEIBHÉAL

# AISTRIUCHÁN
# Ar SCÉIM MHARCÁLA

## Réamhrá

**Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.**

**1.** In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

**2.** Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.

**3.** Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sin, mar sin, athrú ó bhliain go bliain maidir le cás ar bith.

**4.** Is léiriú an cló trom ar na pointí atá riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Cuirtear soladas dúbailte (//) idir pointí a dtugtar marcanna ar leith dóibh i gcuid den cheist. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath faoi chló trom arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil úsáid mhícheart á baint as téarmaíocht nó go bhfuiltear á bréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.

**5.** Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó le comhdhúil ach amháin sa chás go n-iarrtar go sonrach an t-ainm nó an fhoirmle sa cheist a chuirtear. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin.

**6.** Caillfear marc amháin i leith gach botúin uimhríochta i ríomh an iarrthóra. Baineann an laghdú sin le luachanna míchearta $M_r$ sa chás go dtaispeánann an t-iarrthóir suimiú na maiseanna adamhacha cearta go léir agus gur léir gur earráid suimithe í an earráid. Mura dtaispeántar suimiú na maiseanna adamhacha, caillfidh an t-iarrthóir na marcanna as $M_r$ mícheart.

**7.** Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.

**Nó mór do na hiarrthóirí SÉ cheist ar bith a fhreagairt.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.



Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 22 |
| 227 - 230 | 21 |
| 231 - 233 | 20 |
| 234 - 236 | 19 |
| 237 - 240 | 18 |
| 241 - 243 | 17 |
| 244 - 246 | 16 |
| 247 - 250 | 15 |
| 251 - 253 | 14 |
| 254 - 256 | 13 |
| 257 - 260 | 12 |
| 261 - 263 | 11 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 264 - 266 | 10 |
| 267 - 270 | 9 |
| 271 - 273 | 8 |
| 274 - 276 | 7 |
| 277 - 280 | 6 |
| 281 - 283 | 5 |
| 284 - 286 | 4 |
| 287 - 290 | 3 |
| 291 - 293 | 2 |
| 294 - 296 | 1 |
| 297 - 300 | 0 |
| | |

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil Ceimice 2021**

Le haghaidh freagra iomlán ceart féadfaidh scrúdaitheoirí marc iomlán amháin a bhronnadh, e.g. sé mharc nó líon páirtmharcanna, e.g. 2 mharc, 3 mharc, 1 mharc a chuireann leis an iomlán céanna.
Le haghaidh freagraí nach bhfuil go hiomlán ceart ba chóir do na scrúdaitheoirí na marcanna cuí a chur in aice leis an gcuid cheart den fhreagra agus/nó 0 marc a úsáid chun an chuid den cheist tá mícheart nó neamhleor a léiriú.
Ba chóir do na scrúdaitheoirí freagraí atá mícheart go hiomlán nó freagraí gan aon fhiúntas a anótáil le 0 marc.
Thig le dathanna na nótaí mínithe bheith éagsúil óna chéile.

| **Nóta mínithe** | **Brí** |
|---|---|
| ✔ n | Bronntar n marc |
| -1 | Earráid sciorrtha matamaitice nó pionós eile de réir na scéime |
| 0 | Gan aon mharc bronnta.  Freagra mícheart nó neamhleor |
| R | Ord droim ar ais |
| [ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra |
|  | Leathanach bán nó cuid de leathanach |
| C | Cealú / bréagnú |
|  | Cuid de fhreagra suntasach |
|  | Lucht mícheart, foscript, etc. |
| λ | Eochairfhocal, frása fágtha ar lár |
| ✔ | Ceart – e.g. úsáidtear é nuair a rinneadh iarracht ar mhír níos mó ná uair amháin |
| ✖ | Mícheart |

**CEIST 1**

(*a*) SAINAITHIN: (*i*) A = **uisce / $H_2O$**

(*ii*) B = **eitín** (6 + 5)

(*b*) DÉAN CUR SÍOS: **broidearnach / coipeadh / boilgearnach (boilgeoga) / éiríonn an fleascán te / gal uisce / deatach (gal) bán / solad ag imeacht / leacht salach donn táirgthe / imoibríonn an chairbíd / gás cruthaithe (fabhraithe) / sreabhann gás ar feadh an seolfheadán** (6)

(*c*) (*i*) CAD: **dothuaslagtha** in uisce

(*ii*) CÉN: **eisíon / aer (ocsaigin, nítrigin) ann** (6 + 3)

(*d*) (*i*) MÍNIGH: tá **nasc iomadúil (triarach** nó **dúbailte)** carbóin-carbón **ann / is féidir hidrigin a chur leis** (6)

(*ii*) DÉAN CUR SÍOS: **croith (measc, cuir isteach i mboilgeoga, cuir leis, úsáid)** le tuaslagán (uisce) **bróimín ($Br_2$) /**
**croith (measc, cuir isteach i mboilgeoga, cuir leis, úsáid le** tuaslagán aigéadaithe potaisiam **sármhanganáite (**$H^+$/**$KMnO_4$** nó $H^+$/**$MnO_4^-$)** (3)

dath **donn (dearg, oráiste, buí, bándearg, corcra) //**
**imíonn sé (dídhathaíonn sé, tréigeann sé)** (2 × 3)

(*e*) TABHAIR: an- **té / teocht** an-**ard //**
**níos glaine / glan / gan (níos lú) súiche //**
**gorm / neamh-ionrúil**

DHÁ CHEANN AR BITH: (6 + 3)

**Ceist 2**

(*a*) (*i*) SAINAITHIN: A**: pípéad** (3)
C: **mias ghalaithe** (3)

(*ii*) CÉ ACU: **pípéad / A** (3)
MÍNIGH: **tá muineál** níos **caoi**le **ar phípéad / deartar pípéad chun toirt sheasta a sheachadadh** (3)
[Glac leis na malartuithe i dtéarmaí B.]

(*iii*) CONAS: **uisce dí-ianaithe (driogtha, íon) //**
tuaslagán **NaOH (hiodrocsaíde sóidiam) / tuaslagán is é a bheidh ann** (2 × 3)

(*b*) (*i*) AINM: **oráiste meitile / dearg meitile / feanóltailéin** (3)

(*ii*) LUAIGH: **buí (oráiste) / bándearg //**
**go dearg (bándearg, péitseog) / go éadathach** (2 × 3)

[*Caithfidh na dathanna a bheith nasctha leis an táscaire.*][*Ní ghlactar le glan i gcomhair éadathach.*]
[*Ní freagairt ar bith ann le haghaidh (i) is féidir marcanna a thabhairt ar dhathanna cearta in (ii*).]
[*Is féidir marcanna a thabhairt le haghaidh dathanna cearta ar tháscaire mí-oiriúnach ainmnithe, e.g. litmeas*.]
[*Ceadaigh (3) le haghaidh dathanna cearta aisiompaithe (agus táscaire ainmnithe a mheaitseáil i gcás go bhfuil ceann ainmnithe).*]
[*Níl (9) marc ar fáil ach le haghaidh táscaire ceart atá nasctha le dathanna cearta san ord ceart.*]

(*iii*) CÉN: **uisce ($H_2O$) //**
**clóiríd sóidiam (NaCl, salann) //**
**táscaire (oráiste meitile)** DHÁ CHEANN AR BITH: (2 × 3)

(*c*) RÍOMH: 0.**276** mól in aghaidh an lítir NaOH (9)

$\frac{23.0 \times 0.3}{1}$ **=** (3)

$\frac{25.0 \times M}{1}$ (3)

$M$ = 0.**276** mol $l^{-1}$ (3)

Mura mbronntar na chéad 6 cinn is féidir 3 a bhronnadh as an bhfoirmle.

nó

$\frac{23.0 \times 0.3}{1000}$ = **6.9 × 10⁻³** mól HCl (3)

6.9 × $10^{-3}$ × 1 = **6.9 × $10^{-3}$** mól NaOH (3)

$M = \frac{6.9 \times 10^{-3} \times 1000}{25.0}$ **= 0.276** mol $l^{-1}$ (3)

(*d*) (*i*) CONAS: **galaigh an t-uisce (tuaslagóir) go léir / galaigh go triomacht /**
**fiuch ar shiúl (as) an t-uisce (tuaslagóir) ar fad** (4)

(*ii*) RÍOMH: 0.**4**0365 g NaCl (4)

$M_r$ NaCl = **58.5** (2)

58.5 × 0.0069 = 0.**4**0365 g (2)

**Ceist 3**

(*a*) BREAC: **aiseanna lipéadaithe mar is ceart le haonad ($^oC$ agus nóiméad nó nóim) nó cainníocht (teocht agus am nó *t*)** (3)

**aiseanna scálaithe mar is ceart** (3)

**8 bpointe breactha i ceart** (3)


**3 phointe eile breactha i ceart** (3)

[Lúide 3 mura bhfuil an graf ar ghrafpháipéar.]

[Glactar le haiseanna aisiompaithe.]

**cuar tarraingthe i gceart trí phointí** (3)

[Glactar le pointí ceangailte le línte díreacha anseo.]




(*b*) (*i*) MEAS: **6.7 – 7.0** $^oC$ (6)

(*ii*) AN BHFUIL: **eisiteirmeach** (3)

COSAIN: **ardaíonn an teocht / cuirtear teas amach** mar imoibriú (3)

(*c*) CÉN: **laghdaítear (stoptar) caillteanas teasa** sa timpeallacht **/**
**ní ionsúitear teas / toilleadh teasa íseal /**
cinntítear go bhfaighfear athrú (toradh) **teochta cruinne** (6)

(*d*) (*i*) CÉN: **creimneach** (6)

[Ceadaigh díobhálach, curtha as do, greannach.]

(*ii*) DÉAN CUR SÍOS: **caith lámhainní (PPE nó TPC) / caith cosaint súil / mapáil doirteadh, etc** (6)

(*e*) FAIGH: **–57**.0 kJ mol$^{-1}$ (5)

| | |
|---|---|
| $\frac{5.7}{0.1}$ = | (2) |
| **57** kJ mol$^{-1}$ | (2) |
| eisiteirmeach $\Rightarrow$ **–57**.0 kJ mol$^{-1}$ | (1) |

**Ceist 4**

**Tá ocht mír le freagairt. Tugtar sé mharc as gach mír agus cuirtear marc amháin breise le gach ceann den chéad dá mhír a bhfaightear na marcanna is airde ina leith.**

(*a*) MÍNIGH: **iosatóip / líonta éagsúla neodrón** (6)

(*b*) MÍNIGH: **meath** spontáineach **núicléis** éagobhsaí / **meath** spontáineach **adaimh éagobhsaí** // **radaíocht (nó radaíocht ainmnithe) a scaoileadh** (2 × 3)

(*c*) AINM: **strointiam (Sr) / litiam (Li)** (6)

(*d*) MÍNIGH: **tá níos mó prótón i bhfluairín (uimhir adamhach níos mó, lucht núicléach** éifeachtach **níos mó) /**
**tá níos lú prótón i litiam (uimhir adamhach níos lú, lucht** éifeachtach **núicléach níos lú) /**
**tá 3 phrótón i litiam** ach **tá 9 gcinn i bhfluairín** (6)

(*e*) CAD: **comhréireach** go díreach (6)
[ná glactar le comhréireacht go hinbhéartach]
[Ceadaigh 3 le haghaidh caidreamh 'díreach']

(*f*) CÉ ACU: (*i*) **gás** (3)
(*ii*) **solad** (3)

(*g*) AN BHFUIL: **fíor** (3)

MÍNIGH: tá foirmle eimpíreach **$CH_2O$** acu ar fad **/**
**cóimheas ceanna uimhir adaimh na n-eiliminti C, H agus O** (3)
[MÍNIGH marcanna ar fáil nuair a bhronntar marcanna AN BHFUIL amháin.]

(*h*) CÉN: **chun boladh a chur air / brath** trí bholadh **/ le haghaidh sábháilteachta / i gcás doirte** chun bheith ábalta é a bhrath (6)

(*i*) FAIGH: **1.36** mg in aghaidh 1 $cm^3$ **/** 0**.00136** g in aghaidh 1 $cm^3$ (2 × 3)

| | |
|---|---|
| **1360 ÷ 1000** | (3) |
| **1.360** mg in aghaidh 1 $cm^3$ **/** 0**.00136** g in aghaidh 1 $cm^3$ | (3) |

(*j*) CÉN: **ina chúis le blás algach (eotrófú, ídiú ocsaigine, marú iasc, BOD méadaithe / bíonn drochbholadh (drochbhlas, cuma ghránna) mar thoradh air / d'fhéadfadh tinneas tarlú mar gheall ar miocrorgánaigh i ndramhaíl / tocsainí i ndramhaíl / éillítear (truaillítear) uisce uisce óil / etc** (6)
[ina chúis truailliú, éilliú nó déantar damáiste don chomhshaol …3]

(*k*) CUIR ISTEACH: **briste //**
**foirmithe (cruthaithe, déanta)** (2 × 3)

(*l*) **A**

TABHAIR: **$SO_2$ / dó sulfair (comhdhúile sulfair) etc** (6)

[Tabhair 3 as bolcáin, breoslaí iontaise, etc]

*nó*

**B**

CÉN: **chun creimeadh (meirg) a chosc / chun an chuma a fheabhsú** (6)

**Ceist 5**

(*a*) (*i*) SAINMHÍNIGH: **(tomhas) ar aomadh coibhneasta / uimhir a chuireann in iúl (a thugann) aomadh //**
**do leictreoin chomhroinnte / do dhís chomhroinnte / do leictreoin** i **nasc comhfhiúsach** (2 × 3)

(*ii*) SCRÍOBH: H: **2.2**0 **//**
Be: **1.57 / 1.6 //**
O: **3.4**4 (3 × 1)
[Glac le hord na ceiste mura bhfuil na freagraí lipéadaithe go soiléir.]

ÚSÁID: BeO: **ianach** (3)
$H_2O$: comhfhiúsach **polach** (3)


(*b*) AN mBEIFEÁ: **tá** (3)

MÍNIGH: **nascadh ianach (comhdhúil ianach) / iain saor le gluaiseacht** (3)
[MÍNIGH marcanna ar fáil dá bhronnfaí AN mBEIFEÁ marcanna amháin.]


(*c*) SCRÍOBH: (*i*) **2, 2 / $1s^2$ $2s^2$** (3)

SCRÍOBH: (*ii*) **2, 6 / $1s^2$ $2s^2$ $2p^4$ / $1s^2$ $2s^2$ $2p_x^2$ $2p_y^1$ $2p_z^1$** (3)

(*iii*) ÚSÁID:




nó





léaráid ar a thaispeántar **ian beirilliam nach bhfuil leictreoin ar bith sa sceall seachtrach //**
agus ar a thaispeántar **ian ocsaigine le 8 leictreon sa sceall seachtrach** (2 × 3)

nó


an **dá leictreon** sheachtracha aistrithe ón adamh **beirilliam / $Be^{2+}$//**
**chuig** adamh **ocsaigine (amháin) / $O^{2-}$** (2 × 3)
[Níl gá le léaráid/]

(*d*) (*i*) MÍNIGH: **dhá leictreon comhroinnte / dís chomhroinnte leictreon amháin / roinneann adamh leictreon le** hadamh **eile / nasc comhfhiúsach** idir 2 adamh **agus gach adamh ag cur leis leictreon amháin** (6)

(*ii*) ÚSÁID:



/




**dhá dhís nasctha taispeánta //**

**dá dhís aonair i bhfiús-sceall gach ocsaigine taispeánta** (2 × 3)
[Ní gá leictreoin i sceall seachtrach ocsaigine a thaispeáint.]
[Is féidir leictreon ar bith a léiriú mar phonc nó mar chros.]

(*iii*) CÉN: **gan aomadh ar bith idir uisce** polach **agus** móilíní **ocsaigine** neamhpholacha **/**
**uisce polach** agus **ocsaigin neamhpholach /**
**tuaslagann móilíní (substaintí) le nascadh comhchosúil a chéile /**
**ní tuaslagann móilíní (substaintí) le nascadh éagsúil a chéile**
(5)

[Ceadaigh (3) le haghaidh ‘tuaslagann rudaí comhchosúla a chéile’.]

**Ceist 6**

(*a*) MÍNIGH: **comhdhúil**e **hidrigine (H) agus carbóin (C) /**
tá **hidrigine (H) agus carbóin (C) iontu amháin** (5)

(*b*) LIOSTAIGH: gásailín **éadrom**, **ceirisín, ola gháis** (ola **díosail)** (6)
[aisiompaithe (3)]

(*c*) CÁ HAIT: (*i*) **ard** (6)

CÁ HAIT: (*ii*) **íseal** (6)

(*d*) CÉ ACU: (*i*) **ceirisín**

CÉ ACU: (*ii*) **ola ghás (**ola **díosail) / ceirisín**

(6 + 3)

(*e*) (*i*) CÉN: **líon ochtán (rátáil ochtán)** (6)

(*ii*) CÉN: **chun an líon (rátáil) ochtán a fheabhsú (a mhéadú) /**
**chun cnagadh (pingeáil**, **pingiú, tapáil, torann innill) a laghdú /**
chun **stop a chur** le **huath-adhaint** pheitril **(réamh-adhaint, ag adhaint go luath, ag adhaint roimh an splanc)** (6)

(*iii*) CÉN: **tocsaineach / nimhiúil / díobhálach / d'fhéadfadh sé bheith ina chúis le hailse (lot inchinn) / dochar don tsláinte /nimh tiontaire catalaíocha** (6)
[truailliú mar thoradh air (damáiste don chomhshaol) ...3]

**Ceist 7**

(*a*) (*i*) CAD: **tugtar iain hidrigine (hiodróiniam) ($H^+$, $H_3O^+$) i dtuaslagán uiscí (uisce) / deontóir prótóin (ian hidrigine, $H^+$)** (6)

(*ii*) SAINMHÍNIGH: pH = **–log //**
**[$H^+$] / [$H_3O^+$]** (2 × 3)
[Glac le lúibíní neamhcearnógacha]

(*iii*) RÍOMH: **1.7** (6)

| | |
|---|---|
| **log 0.02** | (3) |
| pH = **– log 0.02** = **1.7** | (3) |

[Gan slánú ar bith ann nó slánú mícheart = earráid sciorrtha.]
[Ní ionann freagra diúltach agus earráid sciorrtha.]

(*iv*) CÉN: **tuaslagann (creimeann) sé píobáin / tuaslagann sé miotail thocsaineacha (troma, dochracha) / cúis le lobhadh fiacla / smalaíonn sé doirtil agus folcadáin** (3)
[Is féidir glacadh leis na freagra 'déanann sé damáiste do do sláinte nó níl an t-uisce sábháilte lena ól']

(*v*) AN DTAGANN:: **méadú** (3)

(*b*) (*i*) CONAS: measc (croith) calóga **gallúnaí** le huisce crua **//**
**cruthaítear screamh / gan sobal** (2 × 3)

(*ii*) AINM: **hidrigincharbónáit chailciam (décharbónáite chailciam, $Ca(HCO_3)_2$, hidrigincharbónáit mhaignéisiam, décharbónáite maignéisiam, $Mg(HCO_3)_2$)** (6)

(*iii*) TABHAIR: **fiuch / cuir add $Na_2CO_3$ (carbónáit sóidiam, sóid níocháin) leis / úsáid malartú ian** (6)


(*iv*) TABHAIR: *buntáiste:* **blas** níos deise **/ tá cailciam ann** / **maith do na fiacla agus do na cnámh** (4)

*míbhuntáiste:* **cuirtear gallúnach amú / cuirtear teas amú / cruthaítear screamh aoil (coirt) ar chitil (píobáin, coire)** (4)

**Ceist 8**

(*a*) (*i*) AINM: **ailcéiní** (3)

(*ii*) TARRAING:



(6)

(*iii*) AN BHFUIL: **plánach** (6)

(*b*) (*i*) AINM: **eatán** (6)

(*ii*) SAINAITHIN: *A:* **bróimín ($Br_2$)** (3)


*B:* **clóiríd hidrigine (HCl)** (3)
[Ceadaigh aigéad hidreaclórach le haghaidh clóiríd hidrigine.]

(*c*) AINM: **díbeartha / díhiodráitiú** (6)

(*d*) AINM: **poil(eitéin) / poileitéin / poileitiléin** (6)

(*e*) (*i*) MÍNIGH: **tá fáinne beinséine ann**

(*ii*) TARRAING:



(6 + 5)

**Ceist 9**

(*a*) CAD: **athrú ar thiúchan in aghaidh an aonaid ama (ráta athraithe na tiúchana)** d'imoibreán nó táirge amháin


nó

$$\frac{\boldsymbol{athr}\text{ú}\ \boldsymbol{i}\ \boldsymbol{dti}\text{ú}\boldsymbol{ch}\text{á}\boldsymbol{n}}{\boldsymbol{am}}$$ (6)

(*b*) (*i*) BREAC: **aiseanna lipéadaithe mar is ceart le haonad (cm$^3$ agus nóiméad nó nóim) nó cainníocht (toirt nó *V* agus am nó *t*)** (3)
**aiseanna scálaithe mar is ceart** (3)

**4 phointe breactha i gceart** (3)
**3 phointe eile breactha i gceart** (3)
[Lúide 3 mura bhfuil an graf ar ghrafpháipéar.]
[Glactar le haiseanna aisiompaithe.]

**cuar réidh tarraingthe i gceart trí phointí agus (0, 0)** (3)




(*ii*) AN DTAGANN: **laghdú** (3)

TABHAIR: **Zn (sinc, HCl, aigéad** hidreaclórach, **imoibreáin) ídithe (laghdaíonn an tiúchan) / ní** bhíonn **an graf chomh claonta / éiríonn an graf cothrom** (3)

(*c*) FAIGH: (*i*) **72** cm$^3$ (3)

FAIGH: (*ii*) **2.2** – **2.6** nóiméad (6)
[Féadfar an chéad 3 mharc a bhronnadh as eachtarshuí ó 36 cm$^3$.]

FAIGH: (*iii*) **11.0 – 11.4** cm$^3$ $H_2$ in aghaidh an nóiméid (6)

| | |
|---|---|
| **55 – 57** cm$^3$ | (3) |
| toirt ÷ **5** = **11.0 – 11.4** cm$^3$ $H_2$ in aghaidh an nóiméid | (3) |

(*d*) CÉN: (*i*) **méadaithe / níos mó / dlús curtha leis**

CÉN: (*ii*) **méadaithe / níos mó / dlús curtha leis** (4 + 4)

**Ceist 10**

(*a*) SCRÍOBH:

1 **adamhach //**

2 **mais //**

3 **neodrach //**

4 **Rutherford //**

5 **dearfach //**

6 **Bohr //**

7 **diúltach** (2 × 6 + 4 × 3 + 1)

(*b*) SAINMHÍNIGH: (*i*) **caillteanas** leictreon

(*ii*) **gnóthachan** leictreon (4 + 3)

(*iii*) CAD: **2:1** (6)
[Ní ghlactar lena mhalairt mura bhfuil ocsaigin:hidrigin lipéadaithe air go soiléir]

(*iv*) SAINAITHIN: **platanam (Pt) / carbón (graifít, C)** (6)

(*v*) CÉ ACU: **X / anóid** (6)

(*c*) (*i*) CAD: **luathaíonn sé (athraíonn sé) ráta imoibreáin** cheimicigh **//**
**gan a bheith ídithe (ach ní athraíonn sé** ón taobh ceimiceach**) san imoibriú**
(2 × 3)

(*ii*) CÉN: [14 + (2 × 1) + 12 + 16 + 14 + (2 × 1)] = **60** g (6)

CÉ MHÉAD: **27** mól úiré (6)

| | |
|---|---|
| $n = \frac{m}{A_r} = \frac{1620}{60}$ | (3) |
| = **27** (mól) úiré | (3) |

(*iii*) CÉ MHÉAD: **1.5** nó **6/4** nó **3/2** mól $NO_2$(3)

| | |
|---|---|
| 4 mhol úiré ⇒ 6 mhól $NO_2$ | |
| 1 mhól úiré ⇒ **1.5** nó **6/4** nó **3/2** mól $NO_2$ | (3) |

CÉN TOIRT: **33.6** lítear $NO_2$ (4)
[Ceadaigh 907.2 lítear $NO_2$ ó 27 mól úiré]

| | |
|---|---|
| 1.5 **× 22.4** | (2) |
| = **33.6** lítear $NO_2$ | (2) |

**Ceist 11:**

(*a*) CÉN: (*i*) **grúpa**

CÉN: (*ii*) **peiriad** (4 + 3)

(*iii*) AINM: **litiam (Li) / beirilliam (Be)** (6)

(*iv*) CONAS: **uimhir adamhach / líon prótón** (6)

(*v*) CÉN: **ó airíonna dúile sa ghrúpa (colún) chéanna /**
**tá airíonna comhchosúla ag na dúile sa ghrúpa (colún) chéanna /**
**ó airíonna carbón (C) agus sileacain (Si)** (6)

(*b*) (*i*) CAD: staid a bhfuil **rátaí comhionanna** ag //
**imoibrithe chun tosaigh agus chun cúil**

nó

staid a mbíonn **tiúchain imoibreán agus táirgí //**
**seasmhach** (4 + 3)

(*ii*) SCRÍOBH: $K_c = \dfrac{[\mathbf{HCO_3}^-]^2}{[\mathbf{H_2CO_3}][\mathbf{CO_3}^{2-}]}$ (6)

[uimhreoir ceart (3) agus ainmneoir ceart (3); inbhéartaithe (3)]
[Glac le lúibíní cruinne.]

(*iii*) CUIR ISTEACH: **Le Châtelier //**
**méadú** (2 × 3)

(*iv*) ÚSÁID: **iarmhairt dhiúltach / ní féidir an sceall a dhéanamh / an sceall níos caoile /** tá **droch-chaighdeáin ag an sceall / níos deacra an sceall a dhéanamh / glacann sé níos mó ama an sceall a dhéanamh** (3)

MÍNIGH: ian **carbónáite ($CO_3^{2-}$) ídithe /**
**bogann an chothromaíocht ar dheis /**
ian **carbónáite ($CO_3^{2-}$) tiontaithe** go hidrigincharbónáit **/**
**imoibríonn (ídíonn) an t-aigéad** ian **carbónáite ($CO_3^{2-}$) /**
**níos lú** ian **carbónáite** ar fáil (3)

(*c*) (*i*) MOL: **mar sin tá go leor ocsaigine (aeir)** (4)

(*ii*) ÚSÁID: **MgO** (9)
*nó*
*Mg:* **2 nó II //**
*O:* **2 nó II** (2 × 3)

(*iii*) CUIR & COTHROMAÍOCHT: **$Mg + ½ O_2 \rightarrow MgO$ // $2Mg + O_2 \rightarrow 2MgO$** FOIRMLÍ: (3); COTHROMÚ: (3)

(*iv*) AN mBEIFEÁ: **méadú** (3)

MÍNIGH: **ocsaigin (aer) ionsúite nó imoibrithe / MgO níos troime ná Mg, etc** (3)

(*d*)

**A**

(*i*) CÉN: **nítrigin ($N_2$, N)** (4)

(*ii*) TABHAIR: *nítrigin:* **bia** a phacáistiú **chun ocsaídiú a chosc / pacáistiú chun cosc a chur ar brú bia (criospaí, etc, earraí somhillte) / sruthlú (sciúradh) umar** de léachtaí inlasta (gáis, gala) **/ bia a reo (a chaomhnú) (samplaí bitheolaíocha, speirm, seamhan) / bain cealla craicinn nach bhfuil de dhíth / bain an craiceann ailse (faithn**e, vearúcaí**) /** bunábhar don **tionscal amóinia, etc //**

*ocsaigin:* **gás (riospráide) análaithe d'othair (tumadóirí, comhraiceoirí dóiteáin, píolótaí, ect / déanamh cruach / chun tacú le dóchán** eitín i roicéid etc **/ teiripe** craicinn (matán) **/ táthú / truailliú aibheacha a laghdú / etc** (2 × 3)

(*iii*) MÍNIGH: **nasc triarach / nasc láidir / neamhpholach** (6)

(*iv*) CÉN: **fosú** nítrigine (6)

(*v*) TABHAIR: **ionsú (cosaint ó)** radaíocht (**ultraivialait) uv** (3)

*nó*

**B**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (*i*) | TABHAIR: | **miotail (miotalach) / catalaígh mhaithe go minic / fiús athraitheach /** cruthaítear **comhdhúile daite, etc** | (4) |
| (*ii*) | SAINAITHIN: | **cóc (carbon, C)** | (6) |
| (*iii*) | CÉN: | **slaig / sileacáit chailciam ($CaSiO_4$)** | |
| | TABHAIR: | **déanamh bóithre (smionagar tógála) / bloc** éadrom **tógáil / déanamh stroighne** | (6 + 3) |
| (*iv*) | SAINAITHIN: | **carbón (C)**<br>[ceadaigh gaineamh nó sileacan nó silice] | (6) |